# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH 2010 – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

- Tá na ceisteanna UILE ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, mar ar cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1. Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí na hiarmhéideanna seo a leanas ag Mac Gabhann Tta, comhlacht éadaí, ina Leabhar Cúnta Ginearálta ar an 1 Bealtaine 2010.

**LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA**

| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2010 | Innealra | MLG | 250,000 | |
| | Féichiúnaí: Ó CIONNAOITH Tta | MLF | 18,000 | |
| | Banc | LMAT | | 20,000 |
| | Caipiteal Gnáthscaireanna | MLG | | 248,000 |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Mhic Gabhann Tta ar an data seo* | | 268,000 | 268,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas sna cuntais mhórleabhair chuí agus sa Leabhar Miondealaithe Airgid. (4)

**(B)** Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na nDíolachán agus ó Leabhar na gCeannachán thíos sna Cuntais Mhórleabhair.

**LEABHAR NA nDÍOLACHÁN**

| **Dáta** | **Sonraí** | **Uimh. Shonraisc** | **F** | **GLAN €** | **CBL €** | **IOMLÁN €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12/5/2010 | Ó CLÉIRIGH Tta | 22 | MLF | 20,000 | 4,200 | 24,200 |
| 23/5/2010 | Ó CIONNAOITH Tta | 23 | MLF | 15,000 | 3,150 | 18,150 |
| | | | | 35,000 | 7,350 | 42,350 |
| | | | | MLG | MLG | |

**LEABHAR NA gCEANNACHÁN**

| **Dáta** | **Sonraí** | **Uimh. Shonraisc** | **F** | **GLAN €** | **CBL €** | **IOMLÁN €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 15/5/2010 | Ó LORCÁIN Tta | 32 | MLC | 30,000 | 6,300 | 36,300 |
| | | | | MLG | MLG | |

(10)

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do mhí an Bhealtaine a thaifeadadh i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim (LMAT)Mhic Gabhann Tta. Breac na figiúirí cuí sna Cuntais Mhórleabhair.

Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc Díolacháin CBL Féichiúnaithe
**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí):** Banc Ceannacháin CBL Creidiúnaithe Pá

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5/5/2010 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | | €72,600 (€60,000 + CBL €12,600) |
| 8/5/2010 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 1 | €26,000 + CBL 21% |
| 18/5/2010 | D'íoc pá | Seic Uimh. 2 | € 5,000 |
| 20/5/2010 | Íocadh le Ó LORCÁIN Tta | Seic Uimh. 3 | €25,000 |
| 28/5/2010 | Fuarthas €20,000 ó Ó CLÉIRIGH Tta agus lóisteáladh é seo. | | Admháil Uimh. 45 |

(17)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin. (9)

**(40 marc)**

**2. Ceist í seo a bhaineann le Díolachán ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Nuair a dhíolann gnólachtaí earraí ar cairde caithfidh siad a bheith cinnte go n-íocfar iad astu.

(i) Mínigh **dhá** mhodh oiriúnacha a mbainfeadh gnólacht úsáid astu chun rátáil chreidmheasa custaiméirí nua a mheas.

(ii) Cén difear a dhéanfadh sé do bhrabús an ghnólachta mura ndéanfaí íocaíocht ar dhíolacháin? (9)

**(B)** Baineann na sonraí seo a leanas le díolachán earraí ar cairde ag MAC EOCHAIDH Tta le Ó hÓGÁIN Tta, 10 Sráid an Droichid, An Uaimh, Co. na Mí i mhí na Bealtaine 2010.

Ar 1 Bealtaine 2010 tá €1,350 ag Ó hEOCHAIDH ar Ó hÓGÁIN.

Tharla na bearta seo a leanas i rith mhí na Bealtaine.

2/5/2010 Chuir Ó hEOCHAIDH Tta sonrasc Uimh. 4 chuig Ó hÓGÁIN Tta……
€20,000 + CBL 21%

16/5/2010 Chuir Ó hEOCHAIDH Tta Nóta Creidmheasa Uimh. 56 chuig Ó hÓGÁIN Tta
€ 6,000 + CBL 21%

28/5/2010 Fuair Ó hEOCHAIDH Tta íocaíocht ó Ó hÓGÁIN Tta Admháil Uimh. 17 le haghaidh
€15,000

Ar 31 Bealtaine 2010 chuir Ó hEOCHAIDH Tta Ráiteas Cuntais Uimh. 33 chuig Ó hÓGÁIN Tta.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar conas ba cheart do Ó hEOCHAIDH Tta na Ráitis a eisíodh a phróiseáil.

**(ii)** Comhlánaigh Ráiteas Cuntais Uimh. 33 *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(iii)** Comhlánaigh Admháil Uimh. 17, ata sínithe ag Aindí Ó hEochaidh a tugadh do Ó hÓGÁIN Tta *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(iv)** Déan an íocaíocht a fuair Ó hEOCHAIDH Tta ó Ó hÓGÁIN Tta a thaifeadadh sa Leabhar Miondealaithe Airgid ag Ó hEOCHAIDH Tta *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(31)

**(40 marc)**

| 3. Ceist í seo a bhaineann le Scríobh Tuairiscí agus le hÁrachas Gnó. |
|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Is gnó grósaeireachta é OSCAILTE 247 Tta, 13 Bóthar na nOinniún, Ceatharlach, a dhíolann raon leathan earraí agus a bhfuil seirbhís seachadta acu dá chustaiméirí. Iarrann Stiúrthóir Bainistíochta OSCAILTE 247 Tta, Máire Ní Ghrianna, ort comhairle a chur uirthi maidir lena riachtanais árachais.

Soláthraíonn Máire Ní Ghrianna an t-eolas seo a leanas:

Foirgnimh €800,000, Trealamh agus Feisteas €120,000, Veaineanna Seachadta €60,000 and Stoc €65,000.
Fostaíonn sí 25 oibrí. Lóisteáiltear an teacht isteach go léir, trí huaire sa tseachtain i mbanc atá 10 gciliméadar uathu.

Cuir i gcás gur tusa Máirtín Ó Ceallaigh, Comhairleoir Árachais, Bóthar an Droichid Nua, Port Láirge. I do fhreagairleabhar ullmhaigh tuarascáil ar 15 Meitheamh 2010, ag leagan amach freagraí ar na ceisteanna seo a leanas a chuir Máire Ní Ghrianna agus tú ag baint úsáide as an teimpléad tuarascála ceannteidil atá curtha ar fail thíos:

**TEIMPLÉAD TUARASCÁLA CEANNTEIDIL**

| |
|---|
| **Ó:** |
| **GO:** |
| **TEIDEAL NA TUARASCÁLA:** |
| **DÁTA:** |
| **RÉAMHRÁ** |
| **FREAGRAÍ AR CHEISTEANNA A CUIREADH** |
| **LE DÉANAMH INA DHIAIDH SEO** |
| **SÍNIÚ** |
| **POST/ TEIDEAL SCRÍBHNEOIR NA TUARASCÁLA** |

**(i)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach dóthain árachais a bheith ag gnó?

**(ii)** Ainmnigh saghas **amháin** árachais nach mór do OSCAILTE 247 Tta a bheith acu de réir an dlí.

**(iii)** Ainmnigh **dhá** shaghas árachais a mholfá do OSCAILTE 247 Tta a cheannach. Luaigh cúis le haghaidh **gach** saghas árachais díobh a roghnaíonn tú.
**(Ní cheadaítear duit an t-árachas a luaitear i gcuid (ii) ná árachas foirgnimh a chur san áireamh.)**

**(iv)** Luaigh **dhá fhiontar neamh-inárachais** a d'fhéadfadh a bheith ag OSCAILTE 247 Tta.

(31)

**(B)** Chuir OSCAILTE 247 Tta árachas €600,000 ar a fhoirgnimh. Rinne tuilte damáiste de €160,000. Ríomh an méid cúitimh a bhféadfaidís a bheith ag súil leis. Mínigh do fhreagra.

(9)

**(40 marc)**

**4. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Uí Raghallaigh Tta, siopa troscán, ar an 31 Nollaig 2009. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH UÍ RAGHALLAIGH Tta**<br>**ar an 31 Nollaig 2009** | **Dr**<br>**€** | **Sr**<br>**€** |
|---|---:|---:|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 133,200 | 270,000 |
| Carraeireacht Isteach | 5,000 | |
| Stoc Tosaigh 1/1/2009 | 18,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 31,000 | 24,300 |
| Árachas | 6,400 | |
| Cíos Infhaighte | | 2,800 |
| Fógraíocht | 54,000 | |
| Feithiclí Mótair | 90,000 | |
| Foirgnimh | 400,000 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 4,000 |
| Iasacht 30 bliain | | 155,000 |
| Airgead Tirim | 22,500 | |
| Talamh | 140,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 98,000 |
| Díbhinn Íoctha | 14,000 | |
| Scairchaipiteal Eisithe: 360,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 360,000 |
| | 914,100 | 914,100 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála** UÍ RAGHALLAIGH Tta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 maille le **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Bealtaine 2010.

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | | €25,000 |
| (ii) | Carraeireacht Isteach dlite | | € 500 |
| (iii) | Cíos Infhaighte dlite | | € 1,000 |
| (iv) | Fógraíocht dlite | | € 300 |
| (v) | Árachas Réamhíoctha | | € 400 |
| (vi) | Dímheas: | Foirgnimh | 10% |
| | | Feithiclí Mótair | 8% |

(35)

**(B)** Ainmnigh **trí** modhanna oiriúnacha a d'fhéadfadh Ó RAGHALLAIGH Tta a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh ar a chuid earraí. (5)

**(40 marc)**

## 5. Ceist í seo ar Chóras Seachadta agus ar Phá.

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** **(i)** Luaigh **trí** thoisc ar cheart iad a chur san áireamh agus córas seachadta oiriúnach á roghnú ag ghnólacht**.**

**(ii)** Ainmnigh **dhá** fhorbairt nua-aimseartha atá tagtha ar chórais seachadta in Éirinn.

(10)

**(B)** Soláthraíonn SILETAPA Tta, soláthraí aonaid chistine, a bhíonn ag obair 320 lá sa bhliain, na sonraí seo a leanas:

- An fad a thaistealaítear gach lá ná 700 ciliméadar
- Is féidir leis an veain díosail 35 ciliméadar a thaisteal in aghaidh an lítir
- Is é an costas ar lítear díosail ná €1.10
- Íoctar €850 pá comhlán le Máire Ní Airt, an tiománaí, ar sheachtain cúig lá
- Íoctar €400 pá comhlán le Lúcás Ó Dubháin, an cúntóir, ar sheachtain cúig lá
- Is é an tÁrachas Bliantúil Mótair ná €2,560
- Cosnaíonn Cáin Mhótair Bhliantúil €1,600
- Cosnaíonn Deisiúcháin Bhliantúla Mhótair €1,280
- Cosnaíonn Táillí Dola €40 gach lá

Ríomh iad seo a leanas:

**(i)** Costas an Díosail le haghaidh lá amháin

**(ii)** Costas an tSaothair le haghaidh lá amháin

**(iii)** An Costas Iomlán ar Árachas Mótair, ar Cháin Mhótair agus ar Dheisiúcháin Mhótair le haghaidh lá amháin

**(iv)** An Costas Iomlán ar Iompar le haghaidh lá amháin

(24)

**(C)** Íocann fostaithe SILETAPA Tta ÁSPC 6% ar Ollphá agus Pinsean 4% ar Ollphá.
Comhlánaigh an Leabhar Pá a bhfuil cuid de comhlánaithe do Sheachtain Uimh. 1 *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(6)

**(40 marc)**

## 6. Ceist í seo a bhaineann le Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ar cheart do ghnólacht Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim a ullmhú *ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*

(6)

**(B)** *Ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo tá Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim i gcomhair* Ó MUIREAGÁIN Tta. *Tá cuid di comhlánaithe.* Tá ort an réamhaisnéis seo a chomhlánú le haghaidh na míonna Bealtaine, Meitheamh, Iúil agus Lúnasa 2011 chomh maith le colún na n-iomlán.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Ceaptar go mbeidh méadú 20% ar Dhíolacháin Mhíosúla ar Airgead Tirim, ag tosú i mí Lúnasa.
- Ceaptar go n-infheisteoidh scairshealbhóirí €210,000 i mí Mheithimh
- Stopfaidh íocaíochtaí ar iasachtaí tar éis mhí Mheithimh
- Tá súil le deontas €40,000 ón AE ina dhá thráthchuid chomhionanna i mBealtaine agus i Lúnasa
- Ceaptar go mbeidh méadú 15% ar Cheannacháin Mhíosúla ar Airgead Tirim ag tosú i mí Lúnasa
- Ceaptar go bhfanfaidh an pá mar an gcéanna gach mí
- Íocfar díbhinn €18,000 le scairshealbhóirí i mí Iúil
- Ceaptar go gceannóidh Ó MUIREAGÁIN Tta trealamh nua i mí Iúil ar €35,000
- Tá súil le laghdú 8% ar fhógraíocht ag tosú i mí Lúnasa

(28)

**(C)** Rinne Ó MUIREAGÁIN Tta dearmad ceannachán ríomhairí nua a chur san áireamh. Cosnóidh sin €18,000 i rith na tréimhse seo.

Taispeáin an figiúr nua le haghaidh Airgead Tirim Deiridh do mhí Lúnasa, tar éis an ceannachán seo a chur san áireamh, a*r an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(6)
**(40 marc)**

Leathanach Bán